BGE/RE/AH/0210

## Capture the power

tá an comórtas fotagrafaíochta ar siúl ón 25 Eanáir - 26 Márta

Féach leathanach 3

**Capture the power 2009 - an griangraf buaiteach**

ó James Fleming, Pobalscoil na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath

Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Leictreachas
Sa bhaile
FEABHRA / MÁRTA 2010

**SAN EAGRÁN SEO**


| | |
|---|---|
| Capture the Power 2010 | **3** |
| Faigh eolas ar sheachtain Readiscover | **3** |
| Sraithchomórtas Peile Náisiúnta na mBan | **4** |
| Tuairisciú ar chailliúint soláthair | **4** |
| Conas do mhéadar a léamh | **5** |
| Fuinneamh timpeall an tí a shábháil | **6** |

# Fáilte go Sa bhaile

Cibé acu go mb'fhearr leat fanacht istigh agus do scíth a ligint le leabhar maith, nó dul i gcomhair cluiche nó dul amach le do cheamara, tá rud éigin againn duitse san eagrán seo de Leictreachas Sa bhaile.

Thángamar le chéile le do leabharlann áitiúil chun daoine a spreagadh teacht ar cuairt agus fáil amach faoi na háiseanna líonmhara atá díreach anseo béal do dhorais.

Tá eolas chomh maith maidir le cad a dhéanfá dá mba rud é go n-imíonn na soilse gan choinne agus go mbíonn cabhair ag teastáil uait chun an leictreachas a chur ar siúl arís. Is féidir cruinneas do bhillí a fheabhsú trí do léamh méadair féin a sheoladh isteach, ach muna bhfuil tú eolach ar do mhéadar a léamh, seans go gceapann tú go bhfuil sé deacair. Faigh amach conas do mhéadar a léamh go cruinn lenár dtreoir shimplí.

Agus má tá tú ag iarraidh níos mó airgid a shábháil ar do bhillí fuinnimh, féach ar ár leideanna sábhála fuinnimh.

**TRACEY KENNEDY** *Bainisteoir na Seirbhísí do Chustaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

## STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

**359**

**Líon na leabharlanna ag glacadh páirt i seachtain 'Readiscover' de chuid Bord Gáis Energy**

**€1 milliún**

**An geimhreadh seo thug Bord Gáis Energy €1m do SVP agus ALONE chun cabhair a thabhairt dóibh siúd i gcruachás i rith na haimsire fuair faidréiseach.**

**4,677**

**Líon na n-iarrachtaí a bhain le comórtas griangrafadóireachta scoile 'Capture the Power' an bhliain seo caite.**

# Ag gabháil na cumhachta thart timpeall ort

**Cuireann Bord Gáis Energy tús leis an dara bliain dá gcomórtas griangrafadóireachta fíor-rathúil 'Capture the Power' do mhic léinn d'uile-aois trasna bunscoileanna agus meánscoileanna Éireannacha.**

Fairsingeofar an comórtas an bhliain seo agus beidh sé ar siúl ar feadh naoi seachtaine, ón 25 Eanáir - 26 Márta. Tugann 'Capture the Power' an spreagadh do ghriangrafadóirí éirimiúla óga grianghraif a thógáil a ghabhann fuinneamh ón dtimpeallacht thart timpeall orthu.

Roghnófar buaiteoirí i ngach ceann de na ceithre chatagóir aoise (bunscoil 5-9, 10-13 agus meánscoil 12-15, 16-19), leis an mbuaiteoir foriomlán roghnaithe chun an phríomhdhuais a bhuachan. An bhliain seo caite fuair Bord Gáis Energy 4,677 iarracht ó mhic léinn ar fud na tíre, le 587 scoil ag glacadh páirt sa chomórtas.

Tá mórán duaiseanna iontacha ar fáil an bhliain seo, lena n-áirítear ceamaraí digiteacha Canon agus mórán eile.

*I gcomhair sonraí maidir le conas iarratas a chur isteach tabhair cuairt ar* ***www.capturethepower.ie***
*Beolíne an chomórtais:* ***01 522 4800***

## 'Readiscover' do leabharlann áitiúil

**Tá an seachtain** 'Readiscover' ar siúl ón 19 - 24 Aibreán 2010

Tá áthas ar Bord Gáis Energy a fhógairt go bhfuilimid ag teacht le chéile leis an gComhairle Leabharlann agus an tseirbhís leabharlainne poiblí chun seachtain READISCOVER de chuid Bord Gáis Energy a thabhairt chugat. Ar siúl i leabharlanna poiblí na hÉireann ón **19 -24 Aibreán**, tugann clár READISCOVER Bord Gáis Energy spreagadh do dhaoine cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil chun a fháil amach faoi na háiseanna líonmhara díreach béal dorais.

Tá 359 leabharlann phoiblí agus 29 leabharlann taistil ar fud na tíre agus tabharfaidh READISCOVER de chuid Bord Gáis Energy mórán cúiseanna duit dul amach agus do chuid féin a aimsiú.

*Tabhair cuairt ar* ***www.bordgaisenergy.ie*** *nó* ***www.library.ie*** *do thuilleadh sonraí*

# Bord Gáis Energy Sraithchomórtas Peile Náisiúnta na mBan

**I 2010, beidh Bord Gáis Energy sa dara bliain dá urraíocht de Shraithchomórtas Peile Náisiúnta na mBan. Túsbhliain chorraitheach a bhí ann lenár gcomhpháirtíocht le Cumann Peile na mBan agus tá súil againn go mbeidh an chorraitheacht chéanna againn an séasúr seo.**

Roghnaíodh 45 imreoir ó 22 tír difriúla mar na n-imreoirí is fearr ó Rannáin 1, 2 agus 3 i rith shéasúr an sraithchomórtais agus bronnadh trealamh coimsiúnaithe go speisialta ar gach imreoir chun a n-éachtaí iontacha a mharcáil.

Tosaíonn an chéad bhabhta cluichí ar an Domhnach, an 7 Feabhra, agus imreofar na cluichí ceannais ar an deireadh seachtaine den 8/9 Bealtaine.

Do thuilleadh eolais agus liosta na gcluichí téigh go dtí **www.ladiesgaelic.ie** nó tabhair cuairt ar **shuíomh Gréasáin Bord Gáis Energy.**

# Tuairisciú ar chailliúint soláthair

**Má imíonn do sholáthar leictreachais, ar dtús déan seiceáil nach bhfuil fiús séidte nó nach bhfuil scoradán ciorcaid truipeáilte i do theach, iarr ar chabhair a fháil muna bhfuil tú muiníneach as an méid seo a dhéanamh tú féin.**

Seans gur imigh an chumhacht i do cheantar, mar sin féach timpeall ort chun a fháil amach an bhfuil solas ar siúl i dtithe comharsanachta nó an bhfuil soilse sráide ar siúl.

Má cheapann tú nach bhfuil fabht inmheánach agat is féidir leat glaoch a chur ar sheirbhís éigeandála ESB Networks a thabharfaidh, nuair is féidir, sonraí duit ar fhabhtanna reatha agus ar amanna athbhunaithe measta. Tá ESB Networks freagrach as an gcóras dáiliúcháin leictreachais a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt agus mar chustaiméir de chuid Bord Gáis Energy, is féidir leat áis a bhaint as na seirbhísí seo sa slí chéanna is a dhéanfá cheana é.

**Éigeandálaí**
I gcomhair éigeandálaí, cosúil le teip ar an soláthar, nó má fheiceann tú damáiste don ghréasán leictreachais, cosúil le líne tite, glaoigh ar ESB Networks ar 1850 372 999

Nuair atá tú ag cur glaoch ba chóir go mbeadh d'Uimhir Thagartha Pointe Mhéadair (MPRN) agat ó chúinne barr ar dheis do bhille leictreachais Bord Gáis Energy, mar cabhróidh sé sin linn do shuíomh a aimsiú níos tapúla.

# Do mhéadar leictreachais a léamh



Tá treoracha ar fáil thíos chun cabhrú leat do mhéadar a léamh.

## MÉADAR 24 UAIR

*Nuair atá tú ag léamh do mhéadar, comhair na huimhreacha dubha amháin, ná chomhair an uimhir dhearg*

## MÉADAR LAE / OÍCHE

*Déan nóta le do thoil de na léamha lae agus oíche mar aon*




## MÉADAR OÍCHE

**Fiú go mbíonn do leictreachas curtha ar fáil ag Bord Gáis Energy, bíonn do mhéadar leictreachais fós léite ag ESB Networks. Soláthraíonn siadsan an tseirbhís um léamh méadar do gach custaiméir leictreachais in Éirinn agus seolann siad do léamha méadair agus measctacháin ar d'úsáid chugainne. De ghnáth gheobhaidh tú sé bhille leictreachais in aghaidh na bliana. Tá sé mar aidhm go mbeadh ceithre cinn dóibh siúd ina bhfíor-léamha méadair (má táthar in ann rochtain a fháil ar do mhéadar) agus go mbeadh dhá cheann ar mheastacháin.**

Má tá roinnt measctachán agat agus más mian leat cruinneas do bhillí leictreachais a fheabhsú, is féidir leat do léamh méadair a ghlaoch isteach am ar bith. Níl ort ach an tseirbhís atá curtha ar fáil ag ESB Networks a ghlaoch ar 1850 33 77 77. Ba chóir go mbeadh d'Uimhir Thagartha Pointe Mhéadair (MPRN) ar lámh agat ó chúinne barr ar dheis do bhille leictreachais Bord Gáis Energy agus ba chóir go mbeadh do léamh méadair réidh. Tá léirithe curtha ar fáil againn de na cineálacha éagsúla méadair atá ann, chun cabhrú leat léamh a thógáil. Seans nach n-úsáidfear an léamh a thugann tú ar do bhille, ach go n-úsáidfear é chun measctacháin de d'úsáid a fheabhsú sa todhchaí.

*Glaoigh ar **1850 33 77 77** chun léamh méadair a chur isteach*

# Leideanna sábhála fuinnimh!
## Modhanna simplí chun costais a ghearradh



**Thíos faoi seo tá roinnt céimeanna simplí gur féidir leat a thógáil a chabhróidh leat airgead a shábháil ar do chostais leictreachais agus d'astúcháin charbóin a mhaolú.**

### SOILSIÚ

- Aistrigh, nuair is féidir, gnáthbholgáin le bolgáin solais CFL
- Múch soilse nuair a bhíonn seomraí á bhfágáil agat ar feadh tréimhse ama
- Suiteáil braiteoirí gluaiseachta agus amadóirí do shoilse lasmuigh

### UISCE TE

- Glac cith in áit folcadáin. Úsáideann gnáthchith timpeall aon chúigiú an méid fuinnimh is a n-úsáideann folcadán
- Imíonn an chuid is mó den fhuinneamh a úsáideann meaisín níocháin ar théamh an uisce. Bain úsáid as socruithe níocháin fuara nuair is féidir agus déan iarracht gach níochán a dhéanamh le hualach lán.
- Insligh d'umar uisce le seaicéad fálaithe, de mhiontiús 75mm

### DO THEACH A THÉAMH

- Roghnaigh téitheoirí a bhíonn faoi smacht ag teirmeastat agus a mbíonn amadóir leo.
- Insligh d'áiléar le hinsliú atá ar a laghad de thiús 200mm.

### SA CHISTIN

- Dí-reoigh cuisneoirí agus reoiteoirí go rialta le cur lena n-éifeacht.
- Tá tóstaeir i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh ná an griolla chun arán a thóstadh.
- Coimeád cuisneoirí agus reoiteoirí amach ó shoirn
- Ná forlíon an citeal, bruith an méid atá de dhíth ort
- Nuair a bhíonn tú ag cócaireáil glasraí bain úsáid as go leor uisce chun an bia a chlúdach agus coinnigh clúdaigh air le linn na cócaireachta

### FEARAIS LEICTREACHA

- Múch an TV, DVD, PC - úsáideann siad leictreachas fiú agus iad ar fhuireachas.
- Nuair a bhíonn tú ag ceannach fearais nua nó ag athchur seanchinn roghnaigh fearais le lipéidí fuinnimh orthu. (Rátáiltear éifeachtúlacht fuinnimh ar scála ó A go G nuair is rátáil A an ceann is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de).

*Tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin Fhuinneamh Inmharthana Éireann do thuilleadh leideanna:* ***www.sei.ie***